# COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ AR AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA CREIDIÚNAITHE

**Cuireann Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) fáilte roimh aighneachtaí mar chuid dá chomhairliúchán poiblí ar an Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe**

## Réamhrá

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú in Éirinn. Oibrímid i gcomhpháirt leis an Rialtas agus lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh i bhfóraim an Aontais agus i bhfóraim idirnáisiúnta, thar réimse leathan leasanna, lena n-áirítear Brexit.

Bunaíodh INAB in 1985 agus is Coiste den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) é faoin reachtaíocht (An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, arna leasú leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh), 2014.

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta í an HSA agus thug an Roinn fógra don Choimisiún Eorpach in 2010 gurb é INAB an t-aon chomhlacht creidiúnaithe amháin d'Éirinn i gcomhréir le rialachán EC/765/2008.

## Cúlra

Creidiúnaíonn INAB saotharlanna, comhlachtaí deimhniúcháin, comhlachtaí fíorúcháin, bithbhainc, táirgeoirí ábhair tagartha agus comhlachtaí cigireachta. Cuireann sé creidiúnú ar fáil i gcomhréir leis an tsraith ábhartha caighdeán atá ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán in ISO 17000.

Deimhniú neamhspleách inniúlachta tríú páirtí is ea an creidiúnú agus aithnítear é ar fud an domhain mar uirlis chun tacú le fiontraíocht, le trádáil agus le rialáil.

Soláthraíonn an creidiúnú, a fheidhmíonn ar fud na n-earnálacha margaidh go léir, measúnú neamhchlaonta de réir caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Leis an gcreidiúnú, cuirtear cur chuige aonair trédhearcach agus in-athdhéanta ar fáil:

- a nglacann lucht gnó leis go deonach;
- a laghdaíonn an gá atá ag rialtas láir agus réigiúnach a phearsanra saineolach measúnaithe féin a fhostú;
- atá mar chrann taca le rialacháin agus le reachtaíocht maidir le cosaint tomhaltóirí
- a chuireann le muinín gnó agus tomhaltóirí.

Soláthraíonn an próiseas creidiúnaithe modh costas-éifeachtach chun seirbhísí poiblí a chur ar fáil:

- atá iontaofa, sábháilte agus ar ardcháilíocht;
- ina dtacaítear le comhlíonadh rialála;
- a mbaineann ualaí níos lú riaracháin agus maorlathais leo.

Tá tuilleadh eolais faoi ghníomhaíochtaí agus faoi sheirbhísí creidiúnaithe INAB le fáil ar shuíomh gréasáin Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (www.inab.ie).

Mar chuid de ráiteas straitéise 2019-2021 an Údaráis (le fáil anseo), is cuspóirí ríthábhachtacha iad an tseirbhís creidiúnaithe náisiúnta a mhéadú agus straitéis creidiúnaithe náisiúnta a fhorbairt.

## Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe

Tá tús curtha ag INAB le hullmhú na chéad straitéise creidiúnaithe náisiúnta le haghaidh tréimhse cúig bliana. Cuimseofar sa straitéis na príomhthosaíochtaí agus na príomhchuspóirí atá mar chuid den chreidiúnú in Éirinn le linn na tréimhse sin.

Is é atá i gceist leis an bpróiseas forbartha straitéise ná tosaíochtaí agus cuspóirí inghníomhaithe a fhorbairt, bunaithe ar ionchur ó réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh) rialtas, comhpháirtithe earnála, cliaint agus eagraíochtaí creidiúnaithe idirnáisiúnta eile.

Cé go bhféachfaidh INAB le seachadadh na straitéise seo a chur chun cinn, beidh gá le tacaíocht ón rialtas ar fad, ó earnálacha margaidh, ó ghnólachtaí aonair, ó ghrúpaí tomhaltóirí agus ó úsáideoirí aonair seirbhíse agus táirgí, i.e. an pobal i gcoitinne. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach straitéis eagrúcháin INAB í an straitéis seo, ach go dtugtar aghaidh inti ar an gcreidiúnú ar bhonn náisiúnta ina ionad sin.

Mar chuid den phróiseas chun an straitéis nua creidiúnaithe náisiúnta a fhorbairt, táimid ag lorg tuairimí ó pháirtithe leasmhara trí chomhairliúchán poiblí agus, dá réir sin, bheimis buíoch as ionchur, moltaí agus tuairimí a fháil uait maidir le haon saincheisteanna straitéiseacha a mheasann tú a bheith bainteach go díreach nó go hindíreach leis an gcreidiúnú náisiúnta agus ar cheart, dá bhrí sin, a ionchorprú sa straitéis náisiúnta.

Is féidir na réimsí seo a leanas a úsáid mar leideanna (topaicí molta amháin atá luaite thíos, agus níor chóir dóibh teorainn a chur le do thráchtaireacht):

- **Bonneagar Cáilíochta:** Conas is féidir Bonneagar Cáilíochta na hÉireann (teicneolaíocht, córais, rialachas, eagraíochtaí lena mbaineann, cumas) a neartú chun glacadh níos fearr leis an gcreidiúnú a éascú?
- **Cur chun cinn:** Conas ba cheart an creidiúnú a chur chun cinn (i.e. don mhargadh, laistigh den rialtas, don phobal) chun tuiscint níos fearr a áirithiú, agus go mbeidh eolas níos forleithne ann ar bhuntáistí an chreidiúnaithe agus na seirbhísí creidiúnaithe?
- **Inrochtaineacht:** Conas inrochtaineacht ar chreidiúnú a fháil a éascú d'eagraíochtaí, agus an t-ualach ar na heagraíochtaí sin atá ag iarraidh creidiúnú a bhaint amach nó a choinneáil a laghdú?
- **Creidiúnú as seo amach:** Cé na réimsí a measfá go mbeidh deiseanna creidiúnaithe agus bagairtí ar an gcreidiúnú sna cúig bliana amach romhainn?
- **Comhar:** Cad iad na comhpháirtíochtaí straitéiseacha a mhéadódh tacaíocht don straitéis creidiúnaithe náisiúnta, chun tairbhe bhreise a dhéanamh do gheilleagar agus do shochaí na hÉireann?
- **Seirbhísí Creidiúnaithe:** Conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar sheirbhísí creidiúnaithe reatha, agus cad iad na seirbhísí nua is féidir a ionchorprú chun luach a chur ní hamháin leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí ach chun luach a chur le cúrsaí le haghaidh cliant freisin?

## Aighneachtaí

Le go bhféadfar aon ionchur a fhaightear a bhreithniú go hiomlán, bheimis buíoch dá bhféadfaí freagraí a chur isteach ag an nasc um aighneachtaí thíos. Is é **Dé hAoine 7 Bealtaine 2021** an dáta deiridh le haghaidh iarratas a chur isteach.

https://www.surveymonkey.com/r/AccredI

Cuir isteach, le do thoil, sonraí teagmhála leis an aighneacht chun comhthéacs a thabhairt, agus chun deis a thabhairt do INAB teagmháil a dhéanamh amach anseo más gá; mura ndéantar sin, baileofar d'aighneacht gan ainm a lua.

## Fógra Príobháideachais

Is mian linn a chur in iúl duit go bhfuil Grant Thornton Corporate Finance Ltd. fostaithe ag an HSA/INAB mar phróiseálaí sonraí chun cabhrú le soláthar na seirbhíse seo. Baileofar aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí trí shuirbhé arna phróiseáil ag Grant Thornton Corporate Finance Ltd.

Mar atá leagtha amach in Airteagal 28 de RGCS, gníomhóidh Grant Thornton Corporate Finance Ltd. faoi theagasc HSA/INAB chun sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil ar ár son. Ar an gcaoi sin, tá Grant Thornton Corporate Finance Ltd. faoi réir na n-oibleagáidí céanna nó oibleagáidí níos troma maidir le cosaint sonraí agus atá ag INAB chun a chinntiú go seastar le bunphrionsabail RGCS.

Ar na sonraí a bhaileofar beidh d’ainm agus do theagmháil ríomhphoist, má roghnaíonn tú iad a chur ar fáil. A luaithe a fhoilseofar an straitéis creidiúnaithe náisiúnta, scriosfaidh HSA/INAB agus Grant Thornton Corporate Finance Ltd na sonraí. Coinneofar an aighneacht dár dtaifid. Le haghaidh tuilleadh eolais

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh aon aighneacht a dhéanann tú a bheith mar ábhar iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Is féidir go gcuirfí aighneachtaí agus torthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí ar fáil ag céim níos déanaí den phróiseas forbartha straitéise agus d'fhéadfaí iad a fhoilsiú ar mhaithe le trédhearcacht; bainfear aon sonraí teagmhála nó pearsanta.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach le do thoil an ráiteas príobháideachais ar shuíomh gréasáin an HSAhttps://www.hsa.ie/eng/Privacy/ ar a bhfuil tuilleadh eolais le fáil faoi do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir leis an gceart rochtana, an ceart ceartúcháin, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh, an ceart go gcuirfí srian ar phróiseáil, an ceart agóid a dhéanamh). Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann www.dataprotection.ie). Má tá tuilleadh eolais uait, nó más mian leat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, téigh i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Metropolitan Building, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1 nó tríd an Ríomhphost:dpo@hsa.ie